C/2024/2101

26.3.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála

(COM(2023) 533 final – 2023/0323 (COD))

(C/2024/2101)

Rapóirtéirí: **Panagiotis GKOFAS**

Alena MASTANTUONO

Angelo PAGLIARA

Comhairliúchán	Comhairle an Aontais Eorpaigh, 6.10.2023
	Parlaimint na hEorpa, 2.10.2023
Bunús dlí	Airteagal 114 agus Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
An rannóg atá freagrach	An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	20.12.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	17.1.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	584
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	215/14/8

1. Conclúidí agus moltaí

1.1 Is díol sásaimh do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bPacáiste Faoisimh do FBManna. Is díol sásaimh dó freisin go bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún tuilleadh a dhéanamh chun cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha. Trí íocaíocht a dhéanamh in am, cuirtear le timpeallacht eacnamaíoch níos sláintiúla agus doimhnítear an margadh aonair, ar cuspóir straitéiseach é sin. Ag an am céanna, tá imní ar an gCoiste go bhféadfadh athrú na Treorach reatha ina rialachán teorainn a chur le solúbthacht na mBallstát agus na timpeallachta gnó tráth atá dúshláin iomadúla ann ar fud an Aontais. Iarrann sé go ndéanfaí measúnú breise ar na bearta atá beartaithe agus go nglacfaí cur chuige comhréireach saincheaptha maidir leis an gcur chun feidhme chomh maith.

1.2 Tugann CESE dá aire go bhfuil éagsúlacht mhór idir cultúr na n-íocaíochtaí déanacha ar fud na n-earnálacha agus ar fud na mBallstát. Aithníonn sé chomh maith go mbaineann dhá mhórfhadhb ghinearálta le híocaíochtaí déanacha: forfheidhmiú na rialacha atá ann faoi láthair ar an gcéad dul síos; agus ar an dara dul síos, íocaíochtaí déanacha ó údaráis phoiblí, in ainneoin go bhfuil uasteorainn 60 lá leagtha síos leis an Treoir atá ann faoi láthair. Ar an meán glacann sé 13 lá níos faide ar an earnáil phoiblí íocaíocht iarmhír a dhéanamh i gcomparáid le gnólachtaí (níl aon uasteorainn ag gnólachtaí ar théarmaí íocaíochta). Ar an gcúis sin, iarrann CESE ar na húdaráis phoiblí dea-shampla a thabhairt agus na rialacha atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

1.3 I bhfianaise chineál fada agus costasach na n-imeachtaí cúirte i roinnt Ballstát de chuid an Aontais agus na heagla a bhíonn ann go gcuirfear isteach ar an gcaidreamh gnó, díspreagtar creidiúnaithe dul chun na cúirte leis an méid atá dlite dóibh a aisghabháil. Ní mór úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí digiteacha agus cur chun cinn a dhéanamh ar an litearthacht airgeadais agus ar fhoirmeacha eile ráthaíochtaí (i.e. ráthaíochtaí bainc, an praghas ceannaigh a íoc mar ghealltán nó mar cheart coinneála) chomh maith le bealaí malartacha chun díospóidí a réiteach.

1.4 Feictear do CESE go bhféadfadh buntáiste a bheith ag baint le comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe a thabhairt isteach. Mar sin féin, cuireann sé i bhfios go láidir go mbeidh ar na húdaráis sin oibriú go hoibiachtúil agus an oiread rúndachta is féidir a ráthú agus iad ag plé le faisnéis gnóthas agus údarás poiblí agus an fhaisnéis sin íogair ó thaobh na tráchtála de, gan oibleagáidí breise tuairiscithe a fhorchur.

1.5 Tacaíonn CESE le cláir litearthachta airgeadais a fhorbairt arna gcur ar fáil i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta, an earnáil baincéireachta, gníomhaireachtaí/institiúidí Eorpacha (e.g. Comhghuaillíocht Ghnólachtaí Beaga na hEorpa (ESBA)/an Banc Ceannais Eorpach) agus eagraíochtaí gnó chomh maith. D'fhéadfadh seirbhísí poiblí nó gníomhaireachtaí poiblí, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta agus comhlachais tráchtála, seirbhísí litearthachta airgeadais agus seirbhísí comhairleacha maidir le híocaíochtaí déanacha a sholáthar gan bheith faoi réir rialacháin maidir le státchabhair.

1.6 Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na híocaíochtaí déanacha a dhéantar in idirbhearta tráchtála idir gnólachtaí Eorpacha agus eintitis tríú tíortha.

1.7 Ba cheart a chur san áireamh sa tuarascáil ina ndéantar meastóireacht ar an gcaoi ar cuireadh an Rialachán chun feidhme na measúnuithe agus tuarascálacha a rinne CESE, na comhpháirtithe sóisialta agus comhlachais tráchtála, i gcomhar leis na comhreachtóirí eile.

2. **Cúlra**

2.1 I mí Mheán Fómhair 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún an Pacáiste Faoisimh do FBManna, ina n-áirítear togra le haghaidh Rialachán maidir le híocaíochtaí déanacha, togra le haghaidh Treoir maidir le simpliú cánach do FBManna, mailleleis an sraith beart chun feidhmíocht FBManna a fheabhsú, agus é mar aidhm ag an gCoimisiún thar ní ar bith eile an Clár Oibre maidir le Rialáil Níos Fearr a fheabhsú, an rochtain ar mhaoiniú a mhéadú, an lucht saothair a uas-sciliú agus leas a bhaint as sásraí tacaíochta eile.

2.2 Áirítear sa phacáiste freisin an t-athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil i ndáil leis an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a eascraíonn as reachtaíocht reatha an Aontais. Go sonrach, tá gníomhaíocht an Choimisiúin dírithe ar an easpa beart coisctheach atá ann a chur ina ceart, ar an sásra um íocaíochtaí déanacha a fhorfheidhmiú go héifeachtach, ar an easpa téarma uasta íocaíochta a cheartú agus ar rochtain FBManna ar shásraí sásaimh a éascú.

2.3 De réir Thuarascáil Íocaíochta 2023 ó Intrum, is ionann agus 41 lá an meántéarma íocaíochta i gcaidreamh gnólacht le gnólacht agus is ionann agus 56 lá an meán-am íocaíochta iarbhír. Tréimhse 52 lá an meántéarma íocaíochta a thairgtear san earnáil phoiblí, fad agus go ndéantar an íocaíocht iarbhír laistigh de 69 lá ar an meán.

2.4 Cé go bhfuil difríochtaí idir na Ballstáit ó thaobh rochtain ar mhaoiniú de ([1]), tá an rochtain sin fós ina hualach mór ar na geilleagair agus ar na gnólachtaí a bhfuil easnaimh struchtúracha acu agus/nó nach bhfuil chomh cosanta céanna ar ghéarchéimeanna eacnamaíocha.

2.5 An t-ardú a rinneadh ar fud an domhain ar na rátaí úis san earnáil baincéireachta, bhí tionchar iarmhartach aige sin ar na srianta leachtachta atá ar ghnólachtaí agus ar FBManna, go háirithe iad siúd a chuireann scéim infheistíochta chun feidhme. Rud eile de, ní hiad méaduithe ainmniúla ar an ráta úis amháin a fhágann go saobhtar an fheidhmíocht ghnó; saobhtar í freisin mar thoradh ar dhifreálacha rátaí úis, go háirithe i gcás FBManna.

3. **Barúlacha ginearálta faoin togra le haghaidh Rialachán maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha**

3.1 Na costais arda fuinnimh, na costais arda amhábhar agus na costais a bhain le haisíoc na n-iasachtaí a raibh gá leo chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a choinneáil ar bun i rith COVID-19, bhí éifeacht nach beag aige sin ar fad a d'fhág gur thábhachtaí ná riamh íocaíochtaí tráthúla a dhéanamh, go háirithe do na fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) san Eoraip. Fad agus a bhíonn na húdaráis phoiblí agus cuideachtaí móra in ann idirdhealú a dhéanamh idir a bpunann custaiméirí agus soláthróirí, bíonn FBManna ag brath ar líon teoranta custaiméirí agus ar mhéid teoranta airgeadais agus cúlchistí, agus iad ag feidhmiú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil den chuid is mó. Mar sin féin, bíonn tuilleadh cúiseanna le híocaíochtaí déanacha ná éagsúlachtaí idir cumhacht mhargála na bpáirtithe: is constaic mhór í in-fhorfheidhmitheacht neamhéifeachtúil na rialacha atá ann cheana ar chreidiúnaithe a bhfuil sé de nós acu gan a gcearta a fheidhmiú ar mhaithe lena gcaidreamh gnó leis an bhféichiúnaí a chaomhnú.

3.2 Is measa an scéal fós mar thoradh ar an mboilsciú atá thar a bheith ard agus na harduithe a dhéantar ar an ráta úis dá bharr sin, rud a bhaineann an bonn d'infheistíochtaí. Tagann meath ar théarmaí íocaíochta tráth atá suaitheadh eacnamaíocha ann toisc go mbíonn ar chuideachtaí a sreabhadh airgid agus a gcúlchistí a dhaingniú sna cúinsí sin. Murab ionann agus gnólachtaí móra, tá rochtain theoranta ag FBManna ar iasachtaí bainc ([2]) agus, dá bhrí sin, i gcás roinnt FBManna, is foinse maoinithe shealadaigh dóibh iad íocaíochtaí déanacha agus cuidíonn siad leo déileáil le ganntanais leachtacha. Dá bhrí sin, tacaíonn CESE leis an rún atá ag an gCoimisiún na sreafaí airgid a dhéanamh níos intuartha ach is cúis imní dó an réiteach atá molta ag an gCoimisiún.

3.3 Aithníonn CESE go mbíonn tionchar iarmhartach ag íocaíochtaí déanacha ar bhreis agus dea-fheidhmiú laethúil na ngnólachtaí amháin. Cuireann cultúr na n-íocaíochtaí déanacha, atá difriúil ó áit go háit agus ó earnáil go hearnáil san Aontas, bac ar phleanáil infheistíochta cuideachtaí san fhadtéarma chomh maith.

([1]) Suirbhé de chuid an Bhainc Ceannais Eorpaigh, *Survey on the Access to Finance of Enterprises in the euro area* – Samhain 2022-Márta 2023.

([2]) *'Delay now, pay later – why SMEs must not put off investing in innovation and greening'*, oecdcogito.blog.

3.4 Sa mheasúnú tionchair a rinne an Coimisiún, d'aithin sé nach féidir na himpleachtaí sóisialta a bhaineann le híocaíochtaí déanacha a chainníochtú ([3]). Mar sin féin, tá cleachtas den sórt sin díobhálach d'úinéirí gnólachtaí beaga, dá dteaghlaigh agus dá bhfostaithe agus tá iarmhairtí tromchúiseacha aige ar íocaíochtaí fóntais, cíosa agus iasachtaí, agus ar a meanma agus a dtáirgiúlacht chomh maith. De bhreis air sin, dúirt 47 % de na cuideachtaí a ndearna Intrum suirbhé orthu in 2022 go mbeadh déanamh tapa na n-íocaíochtaí ina chabhair dóibh i dtaca le daoine eile a fhostú ([4]).

3.5 Tar éis ghlacadh na Treorach maidir le hÍocaíochtaí Déanacha (Treoir 2000/35/CE) in 2000 agus an chéad athbhreithnithe a rinneadh uirthi (Treoir 2011/7/AE), ba léire ná riamh go raibh cleachtais íocaíochta éagóracha in úsáid ag gach gníomhaí lena mbaineann (i.e. na húdaráis phoiblí, cuideachtaí móra agus FBManna), agus go háirithe i gcás na n-íocaíochtaí ó na húdaráis phoiblí le cuideachtaí ([5]).

3.6 Aithníonn CESE gur cruthaíodh go ginearálta thar na blianta go bhfuil fiúntas sa Treoir reatha, Treoir 2011/7/AE: chuidigh sí go mór leis an meanma ó thaobh íocaíochta de a fheabhsú, le feasacht a mhúscailt ar an tsaincheist sin, agus le timpeallacht ghnó níos cothroime a ráthú. Ina ainneoin sin, is ann go fóill d'íocaíochtaí déanacha agus aithníonn CESE gur gá beart éifeachtúil a dhéanamh. Dá bhrí sin, measann CESE gurb iomchuí roghanna a fhiosrú chun feabhas a chur ar an bhforfheidhmiú agus ar chultúr na n-íocaíochtaí chomh maith. Mar sin féin, dála aon athrú rialála eile, ba cheart cur chuige tomhaiste a ghlacadh i dtaca leis an bplé sin, go háirithe nuair is iad rialacha an dlí phríobháidigh atá i gceist.

3.7 I mbliana, is ionann agus 41 lá an meántéarma íocaíochta i gcás íocaíochtaí gnólacht le gnólacht, agus 52 lá i gcás na hearnála poiblí. Is ionann agus 56 lá an téarma íocaíochta iarbhír maidir le híocaíochtaí gnólacht le gnólacht. Tá an téarma sin 3 lá níos faide ná mar a bhí an bhliain seo caite, ach tá sé i bhfad níos giorra fós ná an téarma íocaíochta iarbhír san earnáil phoiblí, a dhéanann íocaíochtaí laistigh de 69 lá. Léiríonn sé sin go soiléir go mbaineann fadhb le téarmaí íocaíochta comhaontaithe a urramú, seachas le fad na dtéarmaí íocaíochta iad féin. Creideann CESE, dá bhrí sin, go bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún, trí bhíthin an togra uaidh, dul i ngleic le saincheist na n-íocaíochtaí fada seachas saincheist na n-íocaíochtaí déanacha trí bhearta atá róshriantach a thabhairt isteach, in áit feabhas a chur ar an gcreat forfheidhmithe atá ann faoi láthair le rialacha níos éifeachtaí.

3.8 Cuireann CESE i bhfios go bhfuil éagsúlachtaí móra ó Bhallstát go Ballstát ([6]) agus ó earnáil go hearnáil a mhéid a bhaineann lena ábhartha atá íocaíochtaí déanacha dóibh. Dá bhrí sin, bhí sé de cheart ag an gCoimisiún tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an Treoir atá ann cheana a leasú agus, más ea go dteastódh athruithe suntasacha, Treoir athbhreithnithe a roghnú (i.e. 'athmhúnlú', mar a thugtar air). Ar an gcaoi sin, níor ghá go mbainfeadh an reachtaíocht nua le gach eintiteas, beag beann ar mhéid ná cothromaíocht cumhachta an eintitis. Tá faoiseamh de dhíth ar FBManna agus ba cheart é a bheith d'aidhm ag na rialacha nua timpeallacht ní ba chothroime a chur ar fáil dóibh. Is amhlaidh, áfach, leis an tacar rialacha atá beartaithe, nach mbeidh comhpháirtithe gnó FBManna chomh solúbtha agus atá ag teastáil ó na FBManna agus go bhforchuirfear coinníollacha ródhiana orthu.

3.9 Cé go bhfuil beart á dhéanamh ag an gCoimisiún chun go ndéanfar íocaíochtaí in am trátha, ba cheart an tsaoirse a bheith ag na páirtithe go fóill téarmaí íocaíochta níos faide a chomhaontú agus conarthaí á gcaibidliú acu. Dá bhrí sin, cuireann CESE i bhfáth a thábhachtaí atá an tsolúbthacht agus téarmaí íocaíochta á gcaibidliú agus leagann sé béim ar ábhair mhóra imní maidir leis an togra ón gCoimisiún. Go bunúsach, leis an uasteorainn 30 lá atá beartaithe, cuirtear deireadh leis an tsaoirse chonarthach idir cuideachtaí. In ainneoin na solúbthachta atá ag cuideachtaí inniu, i.e. an tsaoirse chun an téarma íocaíochta a chaibidliú, íocann siad i bhfad níos luaithe ná an earnáil phoiblí, atá faoi réir uasteorainn 60 lá. Is cosúil, mar sin, nach bhfuil aon údar ann cur isteach ar an tsaoirse conartha agus go mbeadh sé sin díréireach i bhfianaise na dtairbhí a bhfuiltear ag súil leo go réalaíoch.

3.10 I ndáil leis an méid sin, tagraíonn CESE do thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí oscailte a rinne an Coimisiún ([7]) inar thángthas ar an gconclúid shoiléir gurb é rogha thosaíochta na bhfreagróirí (29 % de na freagróirí) cloí leis na rialacha reatha maidir le téarmaí íocaíochta. Thairis sin, roghnaigh roinnt páirtithe leasmhara roghanna eile a bhí ar an liosta, rud a thaispeáin go bhfuil siad i gcoinne srian a chur leis an tsaoirse conartha. Ar deireadh, maidir lena thábhachtaí atá an pointe a ardaíodh, tagraíonn CESE don rún ó Pharlaimint na hEorpa a foilsíodh i mí Iúil 2023 maidir le staid an Aontais FBManna, ina leagtar béim ar an tábhacht atá le haghaidh a thabhairt ar mhoilleanna ar íocaíochtaí, agus cur chuige cothrom á áirithiú ag an am céanna lena gcaomhnófar saoirse conarthaí ([8]).

3.11 Aontaíonn CESE nár cheart an nós imeachta chun earraí nó seirbhísí a fhíorú nó a ghlacadh a bheith níos faide ná 30 lá ón dáta a fhaightear na hearraí nó na seirbhísí. Mar sin féin, cuireann sé i bhfios go láidir go mbeidh sé sin ina fhadhb ag roinnt fiontraithe mar gheall ar ghnéithe teicniúla a gcuid earraí. Is gá faireachán cúramach a dhéanamh ar chur chuige na n-earnálacha, agus neamhchosaint dhíréireach roinnt earnálacha eacnamaíocha á cur san áireamh.

([3]) Measúnú tionchair SWD(2023) 314 final, pointe 227, lch 58.

([4]) Intrum 2022 – *Annual and Sustainability Report 2022 – Long-term credit management for a sound economy.*

([5]) Mar a thuairiscigh an Coimisiún Eorpach, glacann sé 100 lá ar an meán ar údaráis phoiblí i roinnt Ballstát a sonraisc a íoc, agus i bhfad níos faide ná sin in amanna: *'Late payment: Commission refers Italy to Court of Justice for failing to ensure suppliers are paid on time'*.

([6]) Sa tuarascáil ón gCoimisiún ar an athbhreithniú ar fheidhmíocht FBManna, leagtar béim ar na neamhréireachtaí tromchúiseacha atá ann i gcur chun feidhme rialacha reatha na Treorach maidir le hÍocaíochtaí Déanacha ar fud na mBallstát, agus cuirtear i bhfáth go bhfuil íocaíochtaí déanacha ag teacht chun cinn mar fhoinse mhaoinithe nach mbaineann aon chostas léi. Tá an doiciméad ar fáil ag: *Annual Report on European SMEs 2022/2023*.

([7]) Íocaíochtaí déanacha – rialacha an Aontais a thabhairt cothrom le dáta.

([8]) TA(2023)0294.

3.12 Dar le CESE, is é ceann de phríomheasnaimh na Treorach atá ann faoi láthair nach dtugtar sainmhíniú soiléir inti ar céard atá i gceist le 'thar a bheith éagórach', rud a fhágann gur faoi na cúirteanna a bhíonn sé an bhrí a léirmhíniú iad féin. Le blianta anuas, bhí an fhoráil dhébhríoch sin ina hábhar imní toisc gur thug sí an tsolúbthacht do chuideachtaí imeacht ón ngnáth-thréimse 30 lá, ar féidir í a shíneadh go tréimhsí íocaíochta is faide ná 60 lá féilire le haghaidh idirbhearta gnólacht le gnólacht. Tugann CESE dá aire gur coincheap é sin a bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún é a ionadú trí liosta cleachtas atá ar neamhní go hiomlán a chur in Airteagal 9 den Rialachán atá beartaithe.

3.13 Ó thaobh an dlí de, áfach, ní féidir Airteagal 9 a fhorfheidhmiú. Is é is cúis leis sin nach féidir cleachtais a chur ar neamhní go hiomlán trí, mar a luaitear in Airteagal 9(1)(d), 'moill a chur ar an tráth a sheoltar an sonrasc d'aon ghnó nó cosc a chur leis'. Thairis sin, i gcomhréir le pointe 3.9, creideann CESE gur cheart na tagairtí do thréimhsí íocaíochta in idirbhearta gnólacht le gnólacht a bhaint d'Airteagal 9(1)(a), ós rud é gur cheart do na páirtithe conarthacha é sin a chomhaontú go heisiach.

3.14 Cé gur léir do CESE an tairbhe a bhaineann le comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe a thabhairt isteach, beidh sé ríthábhachtach a ráthú go bhfeidhmeoidh siad i gceart agus go héifeachtúil. Dá bhrí sin, beidh ar na húdaráis sin oibriú go hoibiachtúil agus go neamhspleách agus an oiread rúndachta is féidir a ráthú agus iad ag plé le faisnéis gnóthas agus údarás poiblí atá íogair ó thaobh na tráchtála de. Go dtí seo, níor éirigh leis na húdaráis náisiúnta oibriú ceart na sásraí forfheidhmithe a áirithiú, go háirithe in idirbhearta rialtas le gnólacht. Agus fianaise ann gur fadhb sheasta iad na híocaíochtaí déanacha a dhéanann an earnáil phoiblí le gnólachtaí, leagann CESE béim ar na húdair imní atá ann maidir leis an gcumhacht forfheidhmithe a bheidh ag roinnt údaráis phoiblí ar údaráis phoiblí eile ar cuid den struchtúr rialachais céanna iad.

3.15 Tá go leor fiontar sa gheilleagar sóisialta i measc na n-oibreoirí eacnamaíocha atá thíos go mór le moilleanna ar íocaíochtaí ó údaráis phoiblí. Is ábhartha fós an tsaincheist sin nuair a chuirtear san áireamh gurb í an earnáil phoiblí, i mórán cásanna, an t-aon chliant amháin atá ag na fiontair sin chun seirbhísí cúnaimh shóisialta, oideachas agus oiliúint a sholáthar. Ós rud é nach bhfuil aon mhargadh príobháideach ann do chuideachtaí den sórt sin, tá siad sách neamhchosanta toisc nach bhfuil aon rogha eile acu seachas soláthar poiblí.

3.16 Mar thoradh air sin, tá íocaíochtaí déanacha i measc na dtosca a chuireann as do rannpháirtíocht FBManna sa soláthar poiblí. Léirítear san fhianaise a chuir an Coimisiún i láthair go bhfuil easpa íocaíochtaí tráthúla ann i measc na n-údarás poiblí. Dá bhrí sin, is díol sásaimh do CESE gur beartaíodh an téarma íocaíochta a shocrú ag 30 lá le haghaidh idirbhearta rialtas le gnólacht. Ba cheart d'údaráis phoiblí dea-shampla a thabhairt toisc gur comhpháirtí ríthábhachtach do ghnólachtaí iad. Moltar sa Rialachán nua cosaint níos fearr a thabhairt d'fhochonraitheoirí in oibreacha poiblí tógála trína iarraidh ar chonraitheoirí fianaise a chur ar fáil d'údaráis (nó eintitis) chonarthacha go bhfuil a bhfochonraitheoirí díreacha íoctha acu. Beidh tionchar ollmhór aige sin ar sholáthróirí a úsáideann íocaíocht ón údarás conarthach chun fochonraitheoirí a íoc.

3.17 Molann CESE do na comhreachtóirí breithniú a dhéanamh, agus conarthaí poiblí á ndamhachtain, ar bhealaí malartacha ar an mbealach a leagtar amach in Airteagal 4 chun a áirithiú go ndéanfar íocaíochtaí tráthúla le fochonraitheoirí. Má cheanglaítear ar an gconraitheoir a fhochonraitheoirí díreacha a íoc roimh dó an iarraidh ar íocaíocht a fháil nó tráth déanta na hiarrata sin, ba shárú é sin ar an gcuspóir chun a áirithiú go n-íocfaí gach duine sa slabhra luacha laistigh de thréimhse ama a chinnteodh sreabhadh sláintiúil airgid. Mar atá scríofa sa togra ón gCoimisiún, baineann riosca soiléir leis an bhfreagracht a chur ar an gconraitheoir as an obair a réamh-mhaoiniú. Ar mhaithe lena chinntiú go ndéanfar na fochonraitheoirí a íoc gan mhoill, molann CESE go ndéanfadh an príomhchonraitheoir dearbhú a eisiúint laistigh d'aon mhí amháin tar éis dó an íocaíocht a fháil ón údarás poiblí. Níor mhór a dheimhniú sa dearbhú sin gur íocadh na fochonraitheoirí laistigh de thréimhse 30 lá tar éis an íocaíocht a fháil ón údarás poiblí.

3.18 Is céim i dtreo bhaint amach an chuspóra maidir le cultúr na n-íocaíochtaí prasa iad na forálacha nua a áirítear in Airteagal 5 agus in Airteagal 6, agus atá bunaithe ar Airteagal 3 agus ar Airteagal 4 den Treoir atá ann faoi láthair. Is minic a áirítear ar chleachtais íocaíochta éagóracha forghéilleadh úis gan údar, a fhad agus a íoctar an méid bunúsach. Trína cheangal go mbeidh ús ar íocaíochtaí déanacha dlite go huathoibríoch, spreagfar na féichiúnaithe chun cloí leis na spriocdhátaí a leagtar síos sa chonradh. Leagtar amach in Airteagal 5(3) nach mbeidh 'an creidiúnaí in ann a cheart chun ús a fháil i gcás íocaíochtaí déanacha a tharscaoileadh'. Cé go dtuigeann CESE an cuspóir na FBManna a spreagadh chun íocaíocht úis a iarraidh, bheadh sé ina ábhar imní freisin mura ligfí dóibh an ceart chun an iarraidh sin a dhéanamh a chur ar leataobh, mar go bhféadfadh sé sin deacrachtaí a chruthú dóibh féin agus iad ina bhféichiúnaithe.

3.19 Creideann CESE gur cheart comhréireacht le méid na n-idirbheart a chur san áireamh sa tsuim sheasta nua de EUR 50 atá beartaithe.

3.20 Aontaíonn CESE leis an iarraidh ón gCoimisiún ar na Ballstáit FBManna a spreagadh chun úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha chun íocaíochtaí tráthúla a éascú agus chun rochtain a fháil ar oiliúint i mbainistiú creidmheasa. Ós rud é gur minic nach mbíonn litearthacht airgeadais ná litearthacht dhigiteach ag FBManna, ba cheart do na Ballstáit feabhas a chur ar an gcomhar le comhpháirtithe sóisialta, chomh maith le comhlachais tráchtála agus tionscail chun dea-chleachtais a thabhairt le chéile agus chun oiliúint a chur ar chuideachtaí agus ar a n-oibrithe maidir leis an ábhar sin. I bhfianaise na n-acmhainní teoranta airgeadais atá le leithdháileadh ar an oiliúint sin, ba cheart tacaíocht agus acmhainní a thabhairt d'eagraíochtaí gnó chun oiliúint a chur ar chuideachtaí maidir leis an ábhar sin. Níor cheart breathnú air sin mar státchabhair.

3.21 Tacaíonn CESE go hiomlán le hAirteagal 16 agus cuireann sé i bhfáth a thábhachtaí atá sé na bacainní atá ann cheana a íoslaghdú, amhail a chasta atá sé imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh i gcoinne féichiúnaithe. I bhfianaise imeachtaí cúirte fada agus costasach den sórt sin, ba cheart do na Ballstáit idirghabháil dheonach agus cineálacha deonacha eile réitigh mhalartaigh díospóidí (RMD) a spreagadh chun díospóidí íocaíochta a réiteach go tapa.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1 Aithníonn CESE freisin gur cheart a chur chun feidhme go córasach, mar chuid de chuspóir an Choimisiúin, próisis dheonacha le haghaidh ríomhshonrascadh agus aistrithe leictreonacha chun deimhneacht dhlíthiúil níos mó a ráthú trí bhíthin fianaise leictreonach. Mar sin féin, i bhfianaise an chreata eacnamaíoch fhorbhásaigh atá roimh FBManna faoi láthair, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit tacú le glacadh cleachtas íocaíochta digití agus é a éascú. Thairis sin, ní mór é a bheith indéanta do gach gnólacht uirlisí den sórt sin a thabhairt isteach. Chuige sin, tá sé á mholadh ag CESE go ndéanfaí iad a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe chun a chinntiú go mbeadh an t-am ag FBManna an t-eolas agus na hacmhainní airgeadais is gá uathu a fháil chun na huirlisí sin a rochtain.

4.2 Is díol sásaimh do CESE an iarracht atá déanta ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an easpa sonraí oifigiúla maidir le híocaíochtaí déanacha san Eoraip agus tugann sé le fios gur gá dea-chleachtais a mhalartú ar an leibhéal Eorpach trí neartú a dhéanamh ar ról Fhaireachlann an Aontais maidir le hÍocaíochtaí Déanacha. Creideann CESE freisin nach mór don fhaireachlann faisnéis agus sonraí a tháirgeann na Ballstáit go tráthrialta a bhailiú, i gcomhar leis na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe (nó le húdaráis inniúla eile) agus le lárionaid taighde neamhspleácha phríobháideacha chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Rialacháin. I gcás ar bith, níor cheart aon oibleagáid bhreise tuairiscithe a chur ar chuideachtaí.

4.3 Leagann CESE béim ar ghné sheachtrach an togra. D'fhéadfadh coinníollacha dochta maidir le téarmaí íocaíochta tionchar a imirt ar idirbhearta tráchtála laistigh den mhargadh aonair agus oibríochtaí gnó lasmuigh den Aontas a bhrú chun cinn. Bheadh sé ní b'éasca oibriú le soláthróirí ó thríú tíortha a bhfuil cead acu glacadh le téarmaí íocaíochta níos faide. D'fhéadfadh sé sin iomaíochas na hEorpa a chur i mbaol agus ba cheart é a sheachaint.

4.4 Aontaíonn CESE gur cheart idirbhearta tráchtála atá le híoc tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin a bheith faoi réir a fhorálacha. Níor cheart feidhm a bheith ag an bhforáil sin, áfach, ach amháin má síníodh an conradh ábhartha tar éis dháta a chur i bhfeidhm. Measann CESE go bhfuil gá leis sin chun cur ar chumas na gcuideachtaí agus na n-údarás poiblí aistriú cobhsaí a dhéanamh ón gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair go dtí an creat atá beartaithe sa Rialachán.

4.5 Déanfar faireachán, anailís agus athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhmíocht íocaíochta na hearnála poiblí le conraitheoirí san earnáil phríobháideach, ní hamháin ar bhonn na gclár náisiúnta agus na n-athchóirithe náisiúnta, ach trí bhíthin rannpháirtíocht níos leithne na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-ionadaithe comhlachas tráchtála freisin sa mheasúnú tionchair agus sa phróiseas meastóireachta réamhtheachtach agus iartheachtach.

4.6 D'fhéadfadh ról suntasach a bheith ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag na comhlachais tráchtála i bhforbairt uirlisí iomchuí le haghaidh oiliúint agus oideachas na sochaí i gcoitinne maidir le saincheisteanna, ionstraimí agus nósanna imeachta eile i réimse an airgeadais a chuideodh leis an litearthacht airgeadais a chur chun cinn, ós iad is mó atá ar an eolas faoi riachtanais agus easnaimh a n-earnálacha féin.

An Bhruiséil, an 17 Eanáir 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE